An Roinn Tithíochta,
Pleanála agus Rialtais Áitiúil
Department of Housing,
Planning and Local Government

Ciorclán L (DPI)01-2020 **21 Meán Fómhair 2020**

Do gach:

- Príomhoifigeach Feidhmiúcháin,
- Stiúrthóir Seirbhísí (Freagrach as Infreastruchtúr Sheirbhísí Uisce Soláthraithe ag Forbróirí).

Re: Faomhadh tionscnaimh (eastáit tithíochta) faoi réir Infreastruchtúr Sheirbhísí Uisce Soláthraithe ag Forbróirí faoi réir Chláir Réitithe Infreastruchtúir Sheirbhísí Uisce Soláthraithe ag Forbróirí 2019-2021

D'iarr Ciorclán L1(DPI)01-2019 (24 Iúil 2019) tairiscintí ó údaráis áitiúla i gcomhair maoinithe faoi réir Chláir Réitithe Infreastruchtúir Sheirbhísí Uisce Soláthraithe ag Forbróirí 2019-2021. Sheol 19 údarás áitiúil le Infreastruchtúr Sheirbhísí Uisce Soláthraithe ag Forbróirí in eastáit tithíochta ina gceantair iarratais ar mhaoiniú.

Chuir an Roinn saineolaí in áit chun tacú leis an bpróiceas measúnaithe ar thairiscintí agus moltaí a thabhairt ar inbhuanaitheacht na n-eastát tionscnaimh i gcomhair maoinithe bunaithe ar chritéir oibiachtúla leagtha amach sa cháipéis Chreatlaigh don chlár ilbhliantúil eisithe chuig údaráis áitiúla le linn tairiscintí molta a lorg. Chomh maith le dearcadh saineolaithe a thabhairt, tugann an Painéal Saineolaithe neamhspleáchas, oscailteacht agus follasacht don phróiseas measúnaithe ar thairiscintí, a ndéantar ar bhonn náisiúnta. Áirítear le Painéal na Saineolaithe ionadaíocht na Roinne, geallshealbhóirí agus neamhspleách.

Ag cur san áireamh moltaí an Phainéil Saineolaithe, ghlac an Aire leo sin go hiomlán agus is cuspóir leis an gCiorclán seo eolas a thabhairt d'údaráis áitiúla maidir leis na cinntí sin, a bhfuil leis na aguisíní ceangailte i gcás faomhadh agus tionscnaimh a dteastaíonn a thuilleadh eolais uathu:

Oifigí an Rialtais, Béal an Átha, Maigh Eo, F26 E8N6
Government Offices, Ballina, Mayo, F26 E8N6
T +353 96 24367| luke.varley@housing.gov.ie
www.tithiocht.gov.ie www.housing.gov.ie

- Aguisín A - Tairiscintí molta ag an bPainéal Saineolaithe ar mhaoiniú faoi réir an chláir ilbhliantúla, agus
- Aguisín B - Tairiscintí a dteastaíonn a thuilleadh measúnaithe uathu ag údaráis áitiúla chun gur féidir leis an bPainéal Saineolaithe breathnú tuilleadh orthu faoi réir an chláir ilbhliantúla.

Tá cóip de thuarascáil an Phainéil Saineolaithe ar an bpróiseas measúnaithe ar thairiscintí in éineacht leis an gciorclán seo. Ní mór do gach údarás é a léamh go cúramach, ag tabhairt airde ar gach inneachar ach go háirithe codanna maidir le:

- Faisnéis ghinearálta ar chúlra DPI,
- Cosc a chur ar fhadhbanna sa todhchaí le DPI.
- Conclúidí agus Moltaí.

Thug an Painéal faoi deara go raibh caighdeán íseal go leor agus feidhmiú neamhleor na cáipéise Chreatlaí a thug treoraíocht chuimsitheach ar an gclár ilbhliantúil, agus bhí sé sin mar chúis le go leor oibre sa bhreis don Phainéal i mbun measúnaithe ar gach tairiscintí chun trácht a dhéanamh ar gach tairiscintí nár éirigh leo - cuid acu dóibh ullmhaithe ag bhealach lag. Tabharfaidh an trácht seo treoraíocht d'údaráis áitiúla ar fhoirmiú tairiscintí sa todhchaí faoi réir an chéad tréimhse maoinithe eile den chlár ilbhliantúil.

Tairiscintí a dteastaíonn a thuilleadh measúnaithe uathu ag údaráis áitiúla chun gur féidir leis an bPainéal Saineolaithe breathnú tuilleadh orthu faoi réir an chláir ilbhliantúla.

D'aithin an Painéal go leor tairiscintí, de réir liostaithe in Aguisín B, ar féidir a réitiú, ar bhonn cnuasaitheach, DPI agus na suíomhanna. D'ainneoin sin, theastaigh ó shuíomhanna a thuilleadh measúnaithe uathu ag údaráis áitiúla chun gur féidir leis an bPainéal breathnú tuilleadh orthu faoi réir an chláir ilbhliantúla.

Ní mór don trí údarás áitiúil bainteach tús a chur lena thuilleadh athbhreithnithe ar roghanna do na suíomhanna/eastáit liostaithe a dteastaíonn a thuilleadh eolais uathu. Ní mór don

staidéar a bheith bunaithe ar an treoraíocht mhionsonraithe tugtha ag an bPainéal Saineolaithe ina dtuarascáil do gach suíomh.

Ní mór an staidéar a dhéanamh i gcomhairleoireacht le Uisce Éireann. Ní mór an staidéar, atá de réir dealraimh laistigh scóipe na n-údaráis áitiúla, a chríochnú laistigh trí mhí ón gciorclán seo agus seolta isteach chuig an Roinn ionas gur féidir é a sheol ar aghaidh chuig an bPainéal i gcomhair a thuilleadh breathnóireachta uathu ar bhealaí chun réiteach inbhuanaithe cost-éifeacht a fháil don DPI ag an suíomh sin. Ní mór don údarás áitiúil dul i mbun idirbheartaíochta leis an Roinn ar an staidéar sula dtosaítear é. Beidh an Roinn i dteagmháil leis an trí údarás sna laethanta atá le teacht.

Acmhainneacht do thairiscintí faoi réir tréimhse maoinithe an chláir reatha

I mí Bealtaine sa bhliain seo, sheol Uisce Éireann[1] taifead d'údaráis áitiúla ar ***'Réitigh le hÚdaruithe Scaoilte Fuíolluisce - Acmhainneacht do Chóireáil Fuíolluisce'.***

Beidh an taifead, atá beartaithe chun cuidiú le húdaráis áitiúla ina gcuid feidhmeanna, cabhrach freisin d'údaráis chun cinneadh a dhéanamh maidir le acmhainneacht a thuilleadh eastáit Chatagóir 1 fuíolluisce DPI (is féidir le eastáit ceangail lena ngréasáin) le haghaidh réitithe inbhuanaithe dá DPI.

Rinne an Painéal Saineolaithe, ag úsáid eastáit DPI tiomsaithe in Q3/Q4 2019 in éineacht leis an taifead, staidéar deisce chun acmhainneacht a imscrúdú chun réitithe eastáit DPI fuíolluisce Chatagóir 1. Bunaithe ar an measúnú sin, thug an Painéal faoi deara gur féidir do bheagnach 30 eastát DPI fuíolluisce Chatagóir 1 thar ar a laghad seacht suíomh, nach raibh curtha leis sna tairiscintí, go mbeidh DPI réitithe ag nascadh leis an gcóras (Uisce Éireann) poiblí. Tá os cionn 700 teach bainteach nó 7% féideartha de thithe ag brath ar DPI le haghaidh seirbhísí fuíolluisce.

Is cosúil gur dheis chaillte é gan é a chur sna tairiscintí ag na húdaráis áitiúla bainteacha chun DPI a réiteach sna suíomhanna sin faoi réir an chláir ilbhliantúla reatha. Cé gur féidir

[1] Litir Uisce Éireann ón dáta 28ú agus 29ú Aibreáin chuig Stiúrthóirí na Seirbhísí Pleanála.

go mbeidh constaicí eile ann do chuid de na suíomhanna sin, bheadh sé faoin údarás áitiúil ceannasaíocht a ghlacadh chun iad a réiteach.

D'fhorbair an Painéal cur chuige dírithe - féach Aguisín C (Aguisín D ina dtuarascáil) - mar bhunús d'údaráis áitiúla chun acmhainneacht agus sínteacht a bhunú chun cur le eastáit DPI fuíolluisce Chatagóir 1. I ndidiadh críochnú agus filleadh chuig an Roinn, is féidir breathnóireacht a dhéanamh ar an acmhainneacht i gcomhair a thuilleadh maoinithe faoi réir an chláir ilbhliantúla reatha.

Dá réir, iarrtar ar gach údarás áitiúil measúnú a dhéanamh ar acmhainneacht chun cur le eastáit DPI fuíolluisce Chatagóir 1 i gcomhair réitithe ag leanúint chur chuige béime ag Aguisín C. Ba chóir an tuairisceán a dhéanamh chuig an Roinn ar r-phost chuig DPWSI@housing.gov.ie roimh **Dheireadh an Lae Oibre ar 12 Deireadh Fómhair 2020** (trí sheachtainí ón gciorclán seo).

Ní mór go mbeidh formáid an tuairisceáin (i gcomhad scairbhileoige Excel) ag údaráis áitiúla mar a leanas:

Ainm an Eastáit	Suíomh an Eastáit	Líon na dTithe	Grúpa (Fócas 1 nó Fócas 2)	Catagóir an Eastáit (1A, 1B, A1 nó A2)	Faisnéis úsáideach ar thráchtanna

Staidéar ar Réitigh Optamacha

Ba mhaith leis an Roinn freisin deis an chiorcláin seo a úsáid chun nuashonrú a thabhairt d'údaráis áitiúla ar staidéar tábhachtach ag Uisce Éireann ar eastáit DPI. De réir molaidh an Tuarascála ar Thionscnaíocht Cheannasaíochta Náisiúnta, tá Uisce Éireann, chun cuidiú eolas a thabhairt do pholasaí, ag déanamh staidéir bhreise thar ceann na Roinne chun a thuilleadh faisnéise a thabhairt do fhreagraí polasaithe agus costais chun na ceisteanna bainteach le DPI a réitiú go hiomlán thar am. Leis an staidéar, beidh Uisce

Éireann le cúnamh na n-údarás áitiúla nuair is gá, ag sannadh costais níos mionsonraithe ar réitigh sonracha chun úsáide i bpleanáil sa todhchaí na gclár DPI.

Tabharfaidh na measúnaithe ar chostais níos dírithe sin faisnéis do roghanna cuí i gcomhair réitithe DPI chun teacht ar an réiteach is fearr don oibriúchán agus cothabháil as seo amach, lena n-áirítear maidir le dáileachán spásúil scaipthe le go leor de na eastáit tithíochta sin i lonnaíochtaí tuaithe beaga, sráidbhailte agus cúltíortha bainteacha.

An staid reatha ná gur roghnaigh Uisce Éireann innealtóir comhairleoireachta chun an staidéar a dhéanamh. Bhí tús an staidéar curtha siar i ngeall ar theorannaithe atá i bhfeidhm mar fhreagra ar Covid-19. D'ainneoin sin, táthar ag súil go mbeidh an staidéar críochnaithe roimh láir 2021, in am chun cuidiú eolas a thabhairt don Roinn le linn forbartha scóip an chéad tréimhse maoinithe eile don chlár ilbhliantúil. Is aidhm leis réiteach eastáit DPI a éascú de réir a chéile ar bhealach inbhuanaithe agus tacú le ceannasaíocht a fháil ar na eastáit sin i gcomhoibríocht le húdaráis áitiúla agus Uisce Éireann.

Iarrfar ar údaráis áitiúla gach cúnamh a thabhairt d'Uisce Éireann agus a chomhairleoirí ag déanamh an staidéir seo.

Dul chun cinn, tuairisc agus íocaíochtaí

Ní mór do thionscnaimh (eastáit) faofa do mhaoiniú - liostaithe in Aguisín A - a bhrú ar aghaidh anois agus a sheachadadh chomh luath agus is féidir.

Braitheann gach faomhadh ar an bhfuil iarratas ceannasaíochta ag an údarás áitiúil ina sheilbh don eastát sin sula dtosaítear aon oibreacha (cuireadh in iúil nach raibh iarratas ceannasaíochta bailí ag údaráis áitiúla i gcomhair eastáit áirithe). Ní mór an próiseas réamhcheangailte normálta le Uisce Éireann a bheith críochnaithe freisin i ngach cás.

Iarrfaidh an Roinn ó údaráis áitiúla tuarascálacha a sheoladh maidir le dul chun cinn agus críochnú do gach tionscnamh ag fáil maoinithe. Déantar é sin, a ndéanfar ar bhonn

ráithiúil, chun measúnú a thabhairt ar éifeachtacht na n-eastát tionscnaimh chun cloí le aidhmeanna ginearálta agus seachadadh an chláir ilbhliantúla agus chun athbhreithnithe leanúnaigh ar a mhaoiniú agus oibriúchán. Beidh teimpléad eisithe chun tuarascála do gach údarás áitiúil ábhartha ar leithligh.

Teastaíonn tuarascáil deiridh ar dhul chun cinn, ag léiriú go bhfuil an t-eastát DPI faoi cheannasaíocht, sula scaoiltear an íocaíocht deiridh. Dá réir, beidh údaráis áitiúla in ann íocaíocht a fhorchúiteamh le dhá chéim mar a leanas:

- **Céim 1:** Is féidir le húdaráis áitiúla iarratas a sheoladh chuig an Roinn i gcomhair a chéad íocaíocht nuair a bhíonn 75% den mhaoiniú faofa caite,
- **Céim 2 (Íocaíocht Dheiridh):** Is féidir le údaráis áitiúla iarratas a sheoladh chuig an Roinn i gcomhair a n-íocaíocht dheiridh nuair a bhíonn 100% den mhaoiniú faofa caite, amhail tá an obair críochnaithe agus ceannas ar an eastát.

Beidh riarachán ar an bpróiseas íocaíochta cosúil leis an gceann oibrithe faoi réir an Chláir Uisce Tuaithe. D'ainneoin sin, áfach, beidh na cláir á n-oibriú ar leithligh óna chéile. Beidh foirm éilimh d'íocaíochtaí eisithe do gach údarás áitiúil ábhartha ar leithligh.

Ceisteanna

Ní mór gach ceisteanna ar an gciorclán seo a dhíriú chuig Kara McNulty ag +353 (0) 96 24460 nó ar r-phost DPWSI@housing.gov.ie nó duine a bhfuil a ainm thíos.

Mise le meas,

Luke Varley,
Príomhoifigeach Cúnta,
An tAonad Uisce Tuaithe.

Ceangailte:

- An Clár Réitithe Infreastruchtúir Sheirbhísí Uisce Soláthraithe ag Forbróir Ilbhliantúil 2019-2021. Tuarascáil Uimh. 1 ar an bPainéal Saineolaithe - Measúnú ar thairiscintí faighte faoi réir an chláir ilbhliantúla.
- Aguisín A - Tairiscintí molta ag an bPainéal Saineolaithe ar mhaoiniú faoi réir an chláir ilbhliantúla,
- Aguisín B - Tairiscintí a dteastaíonn a thuilleadh measúnaithe uathu ag údaráis áitiúla chun gur féidir leis an bPainéal Saineolaithe breathnú tuilleadh orthu faoi réir an chláir ilbhliantúla.
- Aguisín C - Creatlach chun acmhainneacht a bhunú le haghaidh, agus réim, a thuilleadh eastáit DPI ag feitheamh comhairleoireachta ag an Roinn i gcomhair maoinithe faoi bhun an chláir ilbhliantúil reatha.

Aguisín A - Tairiscintí molta ar mhaoiniú faoi réir an Chláir Ilbhliantúla				
Tír	**Ainm an Eastáit**	**Suíomh**	**Costas Measta (€)**	**Maoiniú Faofa (€)**
Corcaigh	Ard Carraig	An Sciobairín	43,665	32,749
Corcaigh	Na Sceacha	An Sciobairín	49,569	37,177
Corcaigh	Cois Na hAbhainn	Cloich na Coillte	26,138	19,603
Corcaigh	Coillte an Chaisleáin	Old Chapel Bandon	130,000	55,000
Dún na nGall	Páirc an Dhroim Mhóir	Cúil na gCuirridín	509,880	382,410
Dún na nGall	Páirc Choill na Feá	Conmhaigh	16,500	12,375
Dún na nGall	Ceathrú na Sagart	Na Gleannta	10,500	7,875
Dún na nGall	Doonan Court	Baile Dhún na nGall	61,000	45,750
Dún na nGall	St Judes Court agus Céide na Collchoille	Leifear	325,476	244,107
Gaillimh	Cluain na Cathrach	Áth an Rí	220,063	165,047
Gaillimh	Geata Lorro	Áth an Rí	325,063	243,797
Ciarraí	Birch Hill	Cill Áirne	205,479	154,109
Ciarraí	Seanbhaile Chill Áirne	Cill Áirne	329,972	247,479
Cill Dara	Na Paidic	Béal Átha an Tuair	125,314	93,986
Cill Dara	Lios an Rí	Cloch an Rince	158,988	119,241
Laois	Killenard Lodge	Coill an Aird	65,516	49,137
Port Láirge	Na Clabhstraí	Aird Mhór	442,800	168,000
Port Láirge	Páirc an Bhaile Nua	An Trá Mhór	350,000	150,000
An Iarmhí	Killucan Manor	Ráth Ghuaire	127,933	95,950
Loch Gorman	Kyle Close	An tAbhallort	107,153	80,365
Loch Gorman	Gleann na gCaor	Móin na gCaor	302,878	227,159
Loch Gorman	Radharc an tSléibhe	Baile an Daingin	208,016	156,012
Loch Gorman	Cois Cuan	Baile Artúir	152,475	114,356
Cill Mhantáin	Garden Village	Cill Pheadair	422,300	316,725

Aguisín A - Tairiscintí molta ar mhaoiniú faoi réir an Chláir Ilbhliantúla				
Cill Mhantáin	Ráth Luain	Dún Luáin	184,300	138,225
			4,900,978	**3,356,634**

Aguisín B - Tairiscintí molta le haghaidh tuilleadh measúnaithe chun gur féidir leis an bPainéal Saineolaithe breathnú tuilleadh orthu faoi réir an chláir ilbhliantúla.	
Údarás áitiúil	**Tionscnamh/Eastát**
Ceatharlach	An Ghráinseach agus Killerig Lodges (An Ghráinseach)
An Clár	Caisleán an Chalaidh (Ard na Croise)
Corcaigh	Gleann Álainn, Cluain na Croise, Cúl na Gréine agus Lissagroom Meadows (Crois an Bharraigh)
Corcaigh	Rooskagh Valley (An Seangharraí)

Aguisín C - Creatlach chun acmhainneacht a bhunú le haghaidh, agus réim, a thuilleadh eastáit DPI ag feitheamh comhairleoireachta ag an Roinn i gcomhair maoinithe faoi bhun an chláir ilbhliantúil reatha.

Cúlra

Cuireadh an clár nua maoinithe ilbhliantúil ar fáil chun réiteach a éascú de réir a chéile ar bhealach inbhuanaithe ar eilimint DPI le seirbhísí uisce in eastáit tithíochta chun tacú le ceannasaíocht an eastáit. Cuireann an clár béim ar eastáit DPI a réiteach lena nasc le Uisce Éireann nuair is inmharthana amhlaidh a dhéanamh.

Beidh na faomhaidh ar mhaoiniú déanta anois faoi réir an chláir ilbhliantúla a eascraíonn as an gcéad phróiseas tairisceana ina thús maith chun réiteach a thabhairt de réir a chéile ar bhealach inbhuanaithe don DPI in os cionn 500 eastát a bhraitheann ar an gcineál infreastruchtúir sin chun seirbhísí uisce a sholáthar.

Léirigh an chéad phróiseas tairisceana go bhfuil acmhainneacht ann don chlár reatha ilbhliantúil chun réiteach a éascú ar bhealach inbhuanaithe don eilimint DPI le seirbhísí uisce in eastáit tithíochta chun tacú le ceannas ar eastáit eile nach raibh curtha ag údaráis áitiúla ina dtairiscintí. Tagraíonn sin do Chatagóir 1A agus 1B eastáit DPI fuíolluisce agus b'fhéidir eastáit DPI uisce óil Chatagóir A1 agus A2 [2]nach raibh curtha leis an chéad ghrúpa tairiscintí seolta isteach.

Cur chuige d'údaráis áitiúla chun a thuilleadh dul chun cinn a thabhairt ar réiteach na n-eastát DPI

I mBealtaine na bliana seo, sheol Uisce Éireann[3] taifead d'údaráis áitiúla le acmhainneacht chóireála fuíolluisce i lonnaíochtaí le Údaruithe Scaoilte Fuíolluisce. Cabhróidh an taifead déanta ar acmhainneachtaí cóireála fuíolluisce d'údaráis áitiúla chun cinneadh a dhéanamh ar fhéidearthacht thuilleadh eastáit DPI fuíolluisce Chatagóir

[2] Féach Táblaí 2, 3, 5 agus 6 i dtuarascáil an Phainéil Saineolaithe ar an bpróiseas don chéad ghrúpa tairiscintí i gcomhair mionsonraí ar
na catagóirí sin agus a n-acmhainneacht chun réitigh.
[3] Litir Uisce Éireann ón dáta 28ú agus 29ú Aibreáin 200 chuig gach Stiúrthóirí na Seirbhísí (Seirbhísí Pleanála).

1A agus 1B le haghaidh réitigh inbhuanaithe dá DPI le nasc seirbhísí uisce an eastáit le gréasán Uisce Éireann agus díchoimisiúnú dá DPI.

Is polasaí le Uisce Éireann naisc a éascú lena ngréasáin, ina bhfuil spás breise ann, chun úsáid infreastruchtúir reatha a uasmhéadú agus costais infheistíochta bhreise a chosc. Is tábhachtach a thabhairt faoi deara gur sonraí thar am ar leith iad acmhainneachtaí spáis, a athraíonn go leanúnach, mar shampla i gcásanna áirithe is féidir go mbeidh cuid nó gach acmhainneacht spáis bhreise/cúltaca in úsáid cheana ag Uisce Éireann chun naisc nua a éascú.

Téann an taifead i ngleic le acmhainneachtaí spáis i ngléasraí cóireála fuíolluisce amháin, agus ní théann sé i ngleic le constaicí an ghréasáin mar shampla i ngeall ar ghréasán a bhfuil tuile ann go minic.

Is beag na eastáit DPI uisce óil fágtha, nach raibh mar chuid den chéad phróiseas tairisceana, agus tá an chuid is mó acu i gceantair dhá údarás áitiúil. Táthar ag déileáil lena n-acmhainneachtaí cóireála uisce cás ar chás chun cuidiú d'údaráis áitiúla chun cinneadh a dhéanamh ar fhéidearthacht thuilleadh eastáit DPI uisce óil Chatagóir A1 agus A2 le haghaidh réitigh inbhuanaithe dá DPI le nasc seirbhísí uisce an eastáit le gréasán Uisce Éireann agus díchoimisiúnú dá DPI.

Ní mór d'údaráis áitiúla athbhreithniú a dhéanamh anois ar a DPI fuíolluisce Chatagóir 1A agus 1B agus uisce óil Chatagóir A1 agus A2, ag glacadh an méid thuas san áireamh. Moltar an cur chuige phlean gníomhaíochta a leanas (baineann sé le fuíolluisce agus líon beag eastáit DPI uisce óil araon):

- ***Fócas 1*** – eastáit DPI a bhfuil iarratais rathúla ceannais ag údaráis áitiúla. Ba chóir gur féidir do gach nó cuid de na eastáit DPI sin a bheith curtha san áireamh ag an údarás i gcomhair réitigh laistigh tréimhse an chláir ilbhliantúla reatha,

- ***Fócas 2*** – eastáit DPI nach bhfuil iarratais rathúla ceannais ag údaráis áitiúla. Ba chóir gur féidir, le ceannasaíocht na n-údarás áitiúla agus ag glacadh cur chuige onnghníomhach, líon suntasach na n-eastát DPI sin a thabhairt ar aghaidh go gasta go Fócas 1, ag ceadú dóibh a bheith curtha san áireamh ag an údarás i gcomhair réitigh iomláine nó ar a laghad tús a réitigh laistigh tréimhse an chláir ilbhliantúla reatha.

Leis sin, ní mór do na údaráis áitiúla tosú ag pleanáil anois don chéad tréimhse maoinithe ilbhliantúil eile do na eastáit eile ag feitheamh sna catagóirí thuas, nach bhfuil spás/acmhainneacht ar fáil faoi láthair, ach nuair a phleanálann Uisce Éireann faoi réir a CIP 2020-2024 uasghrádú a thabhairt dá WwTPs nó gléasra nua a sholáthar don chéad uair i gcuid beag cás ag na suíomhanna sin.

Go ginearálta, soláthraíonn Uisce Éireann go leor acmhainneachta spártha ina ngléasraí, atá ag fáil uasghrádaithe nó nua don chéad uair, chun naisc nua a dhéanamh le DPI san áireamh laistigh a gcuid dobharcheantair.

Is féidir freisin teacht ar shúimh na ngléasraí sa CIP sa taifead eisithe i mí Bealtaine seo caite. Dá bhrí sin, seo a leanas eilimint eile an phleain gníomhaíochta do na eastáit DPI:

- ***Fócas 3*** – eastáit DPI nach bhfuil iarratais rathúla ceannais ag údaráis áitiúla dóibh. Ba chóir gur féidir, le húdarás áitiúil ceannasach agus ag glacadh cur chuige onnghníomhach, pleanáil anois chun gur féidir linn ag an am cuí méid suntasach de na eastáit DPI fágtha (nach raibh Fócas 1 agus 2 ag díriú orthu) a thabhairt ar aghaidh go stádas Fócas 1, ionas gur féidir leo a bheith curtha san áireamh ag an údarás i gcomhair réitigh níos gasta faoi réir an chéad chláir ilbhliantúla eile.

Ba chóir d'údaráis áitiúla an trí réimse fócais, an chéad dá cheann go háirithe, a chur san áireamh agus a ghníomhú orthu i gcomhthráth, ní go comhleanúnach.

Conclúid

Má leantar an cur chuige thuas, is féidir leis an gcéad chlár ilbhliantúil eile béim níos mó a chur ar réiteach a thabhairt do na eastáit DPI Chatagóir 1 fágtha agus cur chuige dírithe a ghlacadh chun eastáit Chatagóir 2, 3 agus 4 a réiteach.

Cuirfear béim ar eastáit Chatagóir 2, 3 agus 4 faoi réir an chéad chláir ilbhliantúla eile le tacaíocht ó fhaisnéis an staidéir píolóta ar siúil faoi láthair ag Uisce Éireann chun measúnú a thabhairt ar an infreastruchtúr reatha ar shampla frithchaiteach de réir méid, catagóir agus údarás áitiúil na n-eastát DPI.

Is tábhachtach a lua, breathnófar ar an ndeontas ábhartha choinníollacha pleanála do na forbairtí sin chun a fháil amach an raibh aon intinn ann chun ceannas a fháil orthu nó an mbeadh tríú páirtí freagrach astu fós. Dá réir sin, is féidir a gcáilitheacht ar mhaoiniú a fháil amach.

Má thugtar réiteach forchéimnitheach do na DPIs fuíolluisce sin, agus iad ag feidhmiú go dona is coinneáilte go dona i go leor cásanna ag spreagadh rioscaí don chomhshaol agus sláinte poiblí, is féidir a chómhaireachtáil neamh-inbhuanaithe a réitiú i gceirtleán fuíolluisce ar feadh infreastruchtúir poiblí (Uisce Éireann).

Ní mór go mbeidh formáid an tuairisceáin ag údaráis áitiúla mar a leanas:

Ainm an Eastáit	**Suíomh an Eastáit**	**Líon na dTithe**	**Grúpa (Fócas 1 nó Fócas 2)**	**Catagóir an Eastáit (1A, 1B, A1 nó A2)**	**Faisnéis úsáideach ar thráchtanna**